

NUACHTLITIR CHILL CHOMÁIN

Fáilte go dtí eagrán 15 dár Nuachtlitir pobail.

Tá An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ag déanamh athbhreithnithe ar na struchtúir faoina ndéantar gnéithe den fhorbairt phobail a riaradh agus a mhaoinú sna ceantair Ghaeltachta éagsúla. Beidh impleachtaí gearr- agus fad-théarma ag na hathraithe ar choistí atá ag feidhmiú sna ceantair seo cheana féin. Tá tuilleadh faoi seo ar leathanach 3.

Tá sé beartaithe ag an gcoiste ceithre eagrán de Nuachtlitir Chill Chomáin a fhoilsiú i rith na bliana as seo amach. Beidh an chéad eagrán eile le fáil, mar sin, ag tús mí Iúil. Ba mhaith linn fáilte a chur roimh chuirteoirí chun na háite agus tá súil againn go mbeidh Cáisc faoi sheán ag chuile dhuine.

Welcome to edition 15 of our community Newsletter.

The Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs, is revising the structures under which aspects of community development are administered and funded in various Gaeltacht area. These revisions will have short- and long-term implications for committees already functioning in Gaeltacht areas (see page 3 for further details). The committee intends to publish four issues of Nuachtlitir Chill Chomain annually henceforth. The next edition will be available in July. We would like to welcome all visitors to the area and wish everyone a happy Easter.

* Nuachtlitir Áitiúil

* A Community Newsletter

* Guth an phobail ar mhaithe leis an bpobal

* Provides a voice for the local community and an update on development issues

San eagrán seo: In this issue

Sonraí Teagmhála	2
An Ghaeilge sa bPobal	3
Waste Management	4
Oiliúint / Training	5
Scéalta Eile / Other News	6
An Scéim Shóisialta Tuaithe / RSS	6

Coiste Bainistíochta an Chomharchumainn /

The Management Committee

Cathaoirleach:	Micheál de Búrca
Rúnaí:	Seán Mac Aindriú
Cisteoir:	Máire Cáit Uí Mhurchú
Na baill eile:	Micheál Ó Seighin Caitlín Uí Sheighin Micheál Ó Murchú Séamus Ó Murchú Uinsíonn Mac Graith Pádraig Ó Dochartaigh

RÁITEAS MISIN – MISSION STATEMENT

Is comharchumann forbartha pobail é Comhar Dún Chaocháin Teo atá cláraithe le Clárlann na gCarachumann. Tá sé mar ráiteas misin aige oibriú go gníomhach ar shon forbairt theangeolaíochta/chultúrtha, bhonneagartha, oideachasúil agus shóisialta paróiste Chill Chomáin agus acmhainní nadúrtha agus daonna an cheantair a fhorbairt ar bhealach chomhtháite. Ag comhoibriú le Coiste Ghlor na nGael, grúpaí forbartha áitiúla agus eagraisí éagsúla stáit tá roinnt tograí curtha i gcrích go dáta.

Comhar Dún Chaocháin Teo is a community development co-operative which is registered with the Registry of Friendly Societies. Its mission is to work in a proactive way to promote the linguistic/cultural, infrastructural, educational and social development of the parish of Cill Chomáin and to develop in an integrated way the material and human resources of the area. Working in conjunction with Coiste Ghlor na nGael, local development groups and various state agencies a number of projects have been undertaken to date.

IONAD EOLAIS / INFORMATION OFFICE

Tá oifig na heagraíochta lonnaithe sa Seanscoil i gCeathrú Thaidhg áit a bhfuil na seirbhísí seo a leanas le fáil:-

Eolas agus comhairle do choistí pobail maidir le ról na n-eagras forbartha, conas tograí a fhorbairt agus a bhainistiú, foinsí maoinithe &rl.

Foirmeacha iarratais ar scéimeanna éagsúla mar shampla feabhsú tithíochta, deiseanna traenála &rl.

Seirbhísí cóipéala, laminating agus facs

Seirbhísí eolais do chuartheoirí - léarscáileanna, bróisiúirí, leabhráin, dlúthdhioscanna, cártaí poist, leabharlann d'ábhar béaloideas agus liteartha Gaeilge, taispeántas grianghraif &rl.

The organisation's office is located in the Seanscoil, Ceathrú Thaidhg where the following services are available:-

Information and assistance to community groups in relation to the role of development agencies, developing and managing projects, sourcing funding etc.

Application forms on various schemes including home improvement grants, training opportunities etc.

Photocopying, laminating and fax services.

Visitor information including maps, brochures, booklets, CD ROMs, postcards, a library of folklore and Irish language material, photographs etc.

BAILL NUA / NEW MEMBERS

Má tá spéis agat a bheith i do bhall ar an gcomharchumann agus ionchar níos mó a bheith agat ar chúrsaí forbartha na háite déan teagmháil le Treasa le haghaidh tuilleadh eolais.

If you would like to become a member of the comharchumann and have a greater input into the overall development of the area please contact Treasa for further information.

GUTH AN PHOBAIL – HAVE YOUR SAY

Má tá aon tuairimí agat ar ábhar an nuachtlitir seo nó moltaí le haghaidh an chéad eagrán eile ba bhreá linn cloisteáil uait.

We welcome your comments on the items covered in this newsletter and/or any ideas you may have for the next edition.

Déan teagmháil le:-

Treasa Ní Ghearraigh,
Comhar Dún Chaocháin Teo,
An tSeanscoil,
Ceathrú Thaidhg,
Béal an Átha,
Co. Mhaigh Eo

Guthán: 097 88082

Ríomhphoist: dunchaochain1@eircom.net

AN GHAELIGE SA bPOBAL

Ag Treisiú na Pleanála Teanga agus na Forbartha Pobail sa Ghaeltacht

Tá An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ag déanamh athbhreithnithe ar na struchtúir faoina ndéantar gnéithe den fhorbairt phobail a riaradh agus a mhaoiú sna ceantair Ghaeltachta éagsúla. Ag cruinniú eolais a reachtáilleadh in Óstán Cois Fharraige i nGaillimhe ar an 18ú Eanáir 2010 chuir an t-Aire Éamon Ó Cúiv agus oifigí na Roinne an phlépháipéar 'Ag Treisiú na Pleanála Teanga agus na Forbartha Pobail sa Ghaeltacht' os comhair an phobail. Tugadh cuireadh do na heagraíochtaí éagsúla atá ag feidhmiú sna ceantair Ghaeltachta aighneachtaí i dtaobh fheidhmiú an chórais athstruchtúrtha a sheoladh chuig an Roinn, agus tugadh le fios go raibh sé beartaithe go mbeadh an córas nua i bhfeidhm go hiomlán trasna na Gaeltachta ón 1ú Eanáir 2011.

The Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs, is revising the structures under which aspects of community development are administered and funded in various Gaeltacht areas. At an information meeting held in Óstán Cois Fharraige in Galway on 18th January last, Minister Éamon Ó Cúiv and officials from the Department presented the discussion document 'Ag Treisiú na Pleanála Teanga agus na Forbartha Pobail sa Ghaeltacht' to the public. Organizations working in Gaeltacht areas were invited to forward submissions in relation to the implementation of the revised system to the Department, and the meeting was informed that it is intended to fully implement the new system in all Gaeltacht areas from 1st January 2011.

Seachtain na Gaeilge

Is mórfhéile náisiúnta í Seachtain na Gaeilge a dhéanann comóradh ar an teanga Gaeilge agus ar an oidhreacht agus cultúr Gaelach. I gcaitheamh na féile, a bhí ar siúl idir an 5ú agus an 17ú Márta, éagraíodh sraith imeachtaí in ionaid éagsúla ar fud paróiste Chill Chomáin ina measc taispeántas grianghraif dar teidil 'Muintir Dhún Chaocháin', siúlóid seandalaíochta, seisiúin cheoil agus damhsa seite, oíche na gcártaí, ranganna Gaeilge, taispeántas cócaireachta chun biachlár speisialta a phleanáil le haghaidh La Fhéile Pádraig, tráth na gceist, cluichí peile Chomórtais Peile na Gaeltachta agus Mórshiúl na Féile Pádraig le hábhair spéise le haghaidh óg agus aosta.

Seachtain na Gaeilge is a national festival which celebrates the Irish language, heritage and culture. During the festival, which ran from the 5th to the 17th March, a series of activities were organised in various venues throughout the parish of Cill Chomáin. The packed programme included a photographic exhibition entitled 'Muintir Dhún Chaocháin', a guided walk exploring some of the archaeological remains of the parish, music sessions and set dancing, a night of card-playing, Irish language classes, a cookery demonstration to plan a special menu for Saint Patrick's Day, table quiz, a football tournament as part of Comórtas Peile na Gaeltachta and Saint Patrick's Day Parade with attractions to suit young and old.

Comórtas Ghlór na nGael

Is comórtas náisiúnta é Glór na nGael a bhfuil sé mar phríomhaidhm aige teanga agus cultúr na Gaeilge a fhorbairt agus a chaomhnú. Oibríonn Comhar Dún Chaocháin Teo agus Coiste Ghlór na nGael Ceathrú Thaidhg as lámh a chéile i gcur chun cinn na teanga Gaeilge i chuile ghné de shaol an phobail. Mar aitheantas ar an obair seo bronnadh dá dhuais ar an gcoiste ag ócáid speisialta i Halla na Cathrach i mBéal Feirste ar an 20ú Márta - Duais na Comhairle Oidhreachta agus Duais Chumann na Sagart.

Glór na nGael is a national competition which focuses on the development and preservation of the Irish language and culture. Comhar Dún Chaocháin Teo and Coiste Ghlór na nGael Ceathrú Thaidhg work in co-operation to promote the Irish language in every aspect of community life. In recognition of this work the committee was presented with two awards at a special function in City Hall, Belfast on 20th March – The Heritage Council Award and The Cumann na Sagart Award.



BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA / WASTE MANAGEMENT

Tá an feachtas Glantachán Náisiúnta Earraigh, a eagraíonn An Taisce, dhá bhliain déag ar an bhfód i mbliana. 'Sé an feachtas is mó i leith chosc ar bhruscar in Éireann é, agus i rith mí Aibreáin iarrtar ar dhaoine ar fud na tíre páirt a ghlacadh san iarracht chun an timpeallacht a choinneáil glan.

'Sé an leigheas is fearr ó thaobh bhainistiú dramhaíola ná an bruscar a laghdú, a athúsáid agus a athchúrsáil agus mar sin an costas a laghdú. Tá bancanna le haghaidh buidéal, cannaí aluminium agus éadaí lonnaithe ag Ceathrú Thaidhg, Ros Dumhach agus Barr na Trá agus níl aon chostas ar na seirbhísí seo.

Is fiú go mór cuairt a thabhairt ar an ionad athchúrsála ag Rath Ruaidhín gar do Bhéal an Átha, áit ar féidir fáil réidh go sábháilte le cuid mhaith ábhar ina measc cannaí aluminium, cannaí cruaiche, buidéal ghloine, clúdach sadhlais, teicstíleanna, ola mótaí, boinn (tá costas orthu seo), buidéal phlaisteacha le siombal PET/PETE ar a mbun, buidéal phlaisteacha le siombal HDPE/PE ar a mbun, ábhair ghlantacháin tí, páipéar atá tirim agus glan, cairtchlár atá tirim agus glan, batairí tí agus cairr, gloine fuinneoige, scátháin, gloinní óil, táirgí leictreacha, miotal, adhmaid cruaidh. 'Sé uimhir teagmhála an ionaid ná 096 75959.

Cuimhnigh ar an méid bruscar a chruthaítear le postas agus ábhar bolscaireachta gan mhaith, nach bhfuil suim dá laghad agat ann. Is féidir leat d'ainm a bhaint ón liosta tré teagmháil a dhéanamh leis an Irish Direct Marketing Association ag 01 6610470.

Ceannóidh Shamrock Metal Recyclers (087 7940243 nó 0879863126) agus Erin Recyclers Ltd (071 9153360) sean- mhíotal mar shampla sean charranna, sean tarracóirí agus inneallra feirme, cruach, iarann eadrom &rl má tá ualach sách mór le fáil. Moltar d'fheirmeoirí i gceantar áirithe a gcuid ábhar a thabhairt le chéile chun an t-ualach a dhéanamh suas. Tá tuilleadh eolais maidir le athchúrsáil le fáil ar an suíomh idirlíne www.recyclenore.ie

Now in its 12th year, National Spring Clean which runs throughout the month of April, is Ireland's biggest anti-litter campaign and encourages people to take pride in their local environment and take action against litter. You can register for a clean up kit by contacting An Taisce on 01 400 2219 or e-mail nsc@antaisce.org or register online at

www.nationalspringclean.org Remember it's our litter and our responsibility and if everyone makes an effort it can make a huge difference.

The best solution in waste management is to reduce, re-use and recycle and therefore lower the cost of disposal. Bottle and clothes banks are located at Ceathrú Thaidhg, Ros Dumhach and Barr na Trá and these services are free of charge.

The nearest recycling amenity centre at Rathreen near Ballina is well worth a visit. Most items can be disposed of safely here including aluminium drink cans such as soft drink cans, steel food cans (e.g. dog food), glass bottles, silage wrap, textiles, waste motor oils, tyres (charges apply), plastic bottles with the PET/PETE symbol on the base such as mineral bottles, plastic bottles with the HDPE/PE symbol on the base such as shampoo bottles, household corrosives such as household cleaning agents, waste pesticides, dry and clean paper, dry and clean cardboard, car and household batteries (two car batteries per household per year), window glass, mirrors, drinking glasses, electrical goods, metal, solid wood etc. The contact number is 096 75959.

Consider all the waste that is created by junk mail and promotional material which is of no interest to you. You can have your name removed from 'unwanted' mailing lists by contacting The Irish Direct Marketing Association on 01 6610470.

Shamrock Metal Recyclers (087 7940243 or 0879863126) and Erin Recyclers Ltd (071 9153360) will purchase scrap metal, including old cars, old tractors and farm machinery, steel, light iron, etc. The service is provided for larger volumes only and therefore it is recommended that farmers in a locality combine their waste to make up a load. For more information on recycling visit www.recyclenore.ie



CÚRSAÍ OILIÚNA / TRAINING COURSES

Oidhreacht agus Timpeallacht / Heritage and Environment

Mar chuid den chúrsa oiliúna *Oidhreacht agus Timpeallacht Chill Chomáin*, atá Comhar Dún Chaocháin Teo ag reachtáil i gcomhar le Coiste Gairmoideachais Condae Mhaigh Eo, eagraíodh turas páirce ar an 13ú Márta chun cuairt a thabhairt ar chuid de na hiarsmaí seandálaíochta atá sa pharóiste. Ba mhaith linn buíochas mór a ghlacadh le Diana Taylor a threoraigh an grúpa.

As part of 'The Heritage and Environment of Cill Chomáin' course, which Comhar Dún Chaocháin Teo is organizing in association with Mayo Vocational Education Committee, a field trip was arranged on 13th March to visit some interesting archaeological sites in the parish. We would like to thank Diana Taylor for guiding the group.



An Liagchiorcal (stone circle) ag Gleann na nGad (Grianghraif: Uinsíonn Mac Graith)

Teastas Eorpach na Gaeilge / European Certificate in Irish

Guíonn muid gach ráth ar fhoghlaimoirí an chúrsa Teastas Eorpach na Gaeilge, a bhéas ag tabhairt faoi na scrúdaithe i mí Bealtaine. Tá an cúrsa ar bun faoi láthair in Ionad Seirbhísí Teanga na Seanscoile.

We wish the learners on the Irish language course Teastas Eorpach na Gaeilge every success in their forthcoming exams in May. The course is currently held in Ionad Seirbhísí Teanga na Seanscoile (Language Centre).

Taispeántais Chócaireachta / Cookery Demonstrations

Eagraíodh taispeántais chócaireachta sa Seanscoil i mí Feabhra agus Márta faoi threoir an chócaire cáilithe Calann Uí Cheallaigh. Cuireadh comhairle ar fáil chun biachlár speisialta sobhlasta a ullmhú i gcóir Lá Fhéile Vailintín, Lá Fhéile Pádraig agus le haghaidh na Cásca. Is féidir dul i dteagmháil le Calann ar 086 1650813 chun eolas a fháil ar na taispeántais atá ag teacht aníos.

Cookery demonstrations were held in the Seanscoil during February and March under the guidance of qualified chef Calann Kelly. Participants were given new ideas and skills to help them create three course meals for Valentine's Day, St. Patrick's Day and Easter. For information on future demonstrations please contact Calann on 086 1650813.



Bíonn blas ar an mbeagán! (Grianghraif: Caitlín Uí Mhuineacháin)

Cúrsaí Ríomhaireachta / Computer Courses

Cuireadh iarratas ar airgeadú chuig Choiste Gairmoideachais Condae Mhaigh Eo faoi Scéim Deontais Cúrsaí Oideachais Pobail 2010 chun ranganna ríomhaireachta do dhaoine fásta a reachtáil. Ag brath ar airgeadú tá sé beartaithe dhá chúrsa a eagrú – bunchúrsa agus meánchúrsa.

An application for funding was submitted to Mayo Vocational Education Committee under the scheme 'Grants for Community Education Courses 2010' to organise computer classes for adults. Pending funding becoming available it is proposed to organise two courses to cater for beginners and more advanced learners.

Cúrsa do Thuismitheoirí / Course for Parents

Tugadh cuireadh do shaineolaí bia ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte cur i láthair a dhéanamh do thuismitheoirí áitiúla ar bhia folláin agus ar phleanáil biachlár folláin. Beidh an cur i láthair sa Seanscoil tar éis na Cásca (data agus am le socrú).

A dietician from the Health Services Executive has been invited to give a presentation to local parents on healthy food options and planning a healthy menu. This event will take place in the Seanscoil after Easter (date and time to be finalised).

SCÉALTA EILE / OTHER NEWS

Grúpa Scolairí ar Chuaire / Visiting Students

Thug grúpa scolairí Meiriceánacha ó Scoil Thraenála Idirnáisiúna Bhaile Átha Cliath, in éineacht lena stiúrthóir acadúil Aeveen Kerrisk, cuairt ar an bparóiste i mí Feabhra. Chas na scolairí, atá ina bhfochéimí ó ollscoileanna éagsúla sna Stáit Aontaithe, le daoine atá páirteach i bhforbairt pobail agus i gcúrsaí timpeallachta sa pharóiste.

A group of American students from the School for International Training Dublin, accompanied by academic director Aeveen Kerrisk, visited the parish in February as part of their academic studies in Ireland. The students, who are undergraduates from a variety of universities in the US, met with various individuals who are involved in community and environmental development within the parish.

Lá Lus an Chromchinn / Daffodil Day

Ba mhaith le Bantracht Dún Chaocháin buíochas a ghlacadh le chuile dhuine a thacaigh leis an maidin caife a bhí eagraithe sa Seanscoil ar Lá Lus an Chromchinn, an 26ú Márta, le haghaidh Cumann Ailse na hÉireann. Bailíodh €230 le haghaidh na cúise fiúntach seo.

Bantracht Dún Chaocháin wishes to thank everyone who supported the coffee morning which was held in the Seanscoil on Daffodil Day, 26th March, in aid of the Irish Cancer Society. €230 was collected for this worthwhile cause.

AN SCÉIM SHÓISIALTA TUAITHE / THE RURAL SOCIAL SCHEME

Tá plean oibre timpeallachta an chomarchumainn dá chur i bhfeidhm faoi Scéim Shóisialta Tuaithe Chill Chomáin, atá dá reachtáil ag Cumann Lúthchleas Gael Chill Chomáin faoi scáth Údarás na Gaeltachta. Faoi láthair tá rannphairtíthe na scéime ag cur oibreacha feabhsúcháin i gcrích in aice le céibh na Rinne Rua. Ceadaíodh €9000 faoi Chiste Fhiontar Chomhraic Teo le haghaidh an thionscnamh seo.

The Cill Chomáin Rural Social Scheme is managed by Cumann Lúthchleas Gael Chill Chomáin under the auspices of Údarás na Gaeltachta and includes an environmental enhancement workplan submitted by Comhar Dún Chaocháin Teo. Participants on the scheme are currently carrying out improvement works adjacent to the pier at Rinn Rua. This project has been made possible with the assistance of funding of €9000 received from the Fiontar Chomhraic Teo Fund.



Tá tuilleadh eolais le fáil ó Phádraig Ó Dochartaigh (saoiste na scéime) ar 087 9785035